# NUACHT ÉICEA-SCOILEANNA

Samhain 2016

**San eagrán seo:**

- Comhdháil Mhúinteoirí Éicea-Scoileanna
- Treoirlínte don Bhrat Glas
- Tionscadail Reatha
- Topaic na Míosa: Peirspictíochtaí Domhanda
- Nuacht Scoile - Eolaíocht Bhunscoile Éicea-Scoileanna
- Nuacht na gComhairlí: Cruinnithe Cnuasghrúpaí
- Nuacht Idirnáisiúnta: Cruinniú Oibritheoirí Náisiúnta Éicea-Scoileanna
- Nuacht Eile:
  - Tig Cláir Toinne go TÉ
  - Éanbhreathnú Mór Scoileanna an CRCÉ/RSPB
  - Comórtas Saotharlann Nuálaíochta
- Brait Ghlasa na Míosa Seo

## Comhdháil Mhúinteoirí Éicea-Scoileanna

**Coláiste an tSrutháin Mhilis, 9 Márta 2017, 10am-3pm.**

Coinnigh an dáta saor! Tá lúcháir orainn cuireadh a thabhairt do mhúinteoirí chuig ár gComhdháil Múinteoirí atá Éicea-Scoileanna a óstáil, le tacaíocht ón RTCGT, ag Coláiste an tSrutháin Mhilis, Márta2017.

Beidh téama foghlaim lasmuigh ag an Chomhdháil agus breathnófar fosta ar a lán topaicí eile don oideachas inbhuanaithe. Beidh aoichainteoirí i láthair, beidh rogha de cheardlanna a chuirfidh eagraíochtaí eile comhpháirtithe agus muid féin ar fáil agus beidh ionad taispeántas ann. Cuirfear lón ar fáil fosta. Gabh i dteagmháil le Cathy Gorman lena léiriú gur suim leat freastal.




## Treoirlínte d'iarratais ar an Bhrat Glas 2016/17

Glacaimid le hiarratais ar Bhrat Glas ag **am ar bith i rith na bliana** mar sin féin seo thíos roinnt spriocdhátaí dá mba mhaith libh go ndéanfaí measúnú oraibh roimh am áirithe sa bhliain:




- Measúnú **Roimh an Cháisc** : **6 Eanáir 2017**
- Measúnú **an tSamhraidh** (roimh 23 Meitheamh): **10 Márta 2017**


Déanfaimid ár ndícheall scoileanna a mheas a chuireann a n-iarratas isteach i ndiaidh na spriocdhátaí ach b'fhéidir gur deacair sin, go háirithe le linn théarma an tsamhraidh, a bhíonn an-ghnóthach. Mar sin de bí ar thús an tslua agus seol d'iarratas isteach go breá luath.

Buíochas do na scoileanna uilig a sheol iarratais isteach roimh an spriocdháta 4 Samhain. Táimid ag súil le measúnú a dhéanamh oraibh roimh an Nollaig!

**Tabhair do d'aire** is é an modh iarratais ab fhearr linn in 2016/17 go n-úsáidfeadh daoine an **córas Scoilzóin ar líne**. De réir an aiseolais ó scoileanna is modh iontrála i bhfad níos fearr é seo. Glacfaimid go fóill le hiarratais ar pháipéar ach cinntigh le do thoil gurb í an fhoirm nua atá tú a úsáid - ní ghlacaimid leis na seanleaganacha níos mó

Logáil isteach i suíomh gréasáin Éicea-Scoileanna TÉ agus tosaigh d'iarratas ar líne i do **Scoilzón.** Is féidir na rannóga a dhruidim agus pilleadh ar an fhoirm de réir mar a bhíonn faill agat. Tabharfaidh an t-iarratas féin le fios duit má tá gach rannóg comhlánaithe. Nuair a bheas gach rannóg faofa agat tiocfaidh cnaipe cur isteach aníos lena sheoladh díreach chugainn.

Is féidir an Scoilzón a úsáid trí do thuras Éicea-Scoileanna chuig an Bhrat Glas chun ábhar a shábháil in aon áit amháin. Ba chóir tosú a shábháil do shonraí sa Sonrazón anois, fiú amháin mura bhfuil tú ag dul a chur isteach air i mbliana. Cuidíonn an réimse idirghníomhach seo le do chéim Monatóireachta agus Measúnachta agus dearadh é le do chuid sonraí a léiriú i bhformáid shuimiúil agus áisiúil. Ó 2017/18 beidh ar scoileanna a bheas ag cur isteach ar an Bhrat Glas an réimse seo a líonadh dá rogha topaicí mar sin de téigh i dtaithí air anois - tá súil againn go dtaitneoidh sé leat.




***Bí cinnte go dtosaíonn tú a úsáid an Scoilzóin le do chuid sonraí a bhailiú agus do chuid Éicea-dhoiciméid a shábháil i do réimse acmhainní féin - Athbhreithniú Timpeallachta, Plean Gníomhaíochta agus Éicea-Chód Cuirfear iad seo isteach go huathoibríoch le d'Iarratas ar Bhrat Glas ar líne.***

**Ma tá dearmad déanta agat ar do logáil isteach gabh i dteagmháil linn.**

**Is breá linn a fhógairt go bhfuil leagan nua ann den Lámhleabhar do Chlár Éicea-Scoileanna. Is treoir iontach é seo ar an dóigh le gach céim a dhéanamh agus le cur isteach ar ghradaim. Íoslódáil ónár suíomh**

## Is mithid a fhiafraí - 'Cá bhfuil ár mBille Athrú Aeráide?'

D'fhreastail muid ar an Slógadh Aeráide ag Foirgnimh Parlaiminte, an mhí seo a d'eagraigh Friends of the Earth, Christian Aid agus Trócaire. Ba mhaith an deis é le bualadh le CTRanna agus a fhiafraí 'Cad chuige nach bhfuil Bille Athrú Aeráide ag Tuaisceart Éireann?' Tá reachtaíocht don Athrú Aeráide ann i gcodanna eile den RA.

Tá Athrú Aeráide ag éirí níos tábhachtaí mar cheist i rith an ama ach dar linn nach dtugann ár gcuid polaiteoirí go háitiúil ná go domhanda an aird is dóigh linn atá tuillte aige. Más ceist í seo a bhíonn ag déanamh buartha duit mholfaimis duit scríobh chuig do CTR féin agus an cheist chéanna a chur orthu.




*Chris Lyttle CTR Bhéal Feirste Thoir ag tacú*

## Dúshlán Taistil Translink - gabhaigí ar bord!

Tá Dúshlán Taistil Translink oscailte anois do gach scoil. Leanann an Dúshlán ar aghaidh i rith na bliana go dtí **22 Bealtaine**, ar feadh aon **2 sheachtain** a roghnóidh sibh féin. Spreagtar an taisteal inbhuanaithe chun na scoile agus déantar torthaí a chlárú sna hacmhainní a thugtar. Seol na torthaí chugainn agus beidh seans agaibh sárdhuaiseanna a bhaint!




Tá cuireadh ar dhaltaí i mbliana fosta cur isteach ar thionscadal cruthaitheach **#Corraitheoirí Cliste** - le hiontráil ghearr scríofa agus grianghraif léi nó **gné nua i mbliana** gearrthóg físe 30 soicind leis an fhrása: ***'Is corraitheoirí cliste muid cionn is…'***

Eagrófar searmanas ceiliúrtha bronnta ag Stáisiún Láir, Béal Feirste, i Meitheamh. Gach scoil a sheolann isteach torthaí agus/nó tionscadal #smartmovers cuirfear iad i gcrannchur chun turas scoile a fháil le Ulsterbus go BÁC. Ní comórtas é seo go díreach ach tionscadal iontach a bhfuil a lán acmhainní foghlama agus monatóireachta ag dul leis. Chun breis eolais a fháil gabh chuig www.translink.co.uk/ecoschools nó cuir ríomhphost chuig ruth.vanry@keepnorthernirelandbeautiful.org.

## Faighigí Briseadh ar bhur mBalcaisí



Tá scoileanna ar fud na tíre páirteach sa chomórtas 'Briseadh ar Bhalcaisí/Cash for Clobber' atá á reáchtáil i gcomhar le hÉicea-Scoileanna Keep Northern Ireland Beautiful, agus Cookstown Textile Recyclers. Is dóigh iontach é seo le bheith neamhdhíobhálach don timpeallacht trí athchúrsáil agus airgead a bhailiú do na scoileanna atá rannpháirteach ann.- **40 pingin/ cileagram.**

Na scoileanna a bhailíonn an méid is mó teicstíle in aghaidh an dalta tá seans acu an comórtas 'Briseadh ar Bhalcaisí/Cash for Clobber' a bhaint ina bhfuil **scothdhuaiseanna suas le £1,500**. Is é 30 Meitheamh 2017 dáta druidte an chomórtais..

Is é Cookstown Textile Recyclers an t-aon chomhlacht athchúrsáil éadaí le teastas de chuid BSI a mholann Éicea-Scoileanna. Athdháiltear na héadaí a bhailítear ar thíortha i mbéal forbartha ar fud an domhain, sin nó athchúrsáiltear iad ina snáithíní tionsclaíochta. Iarrtar ar scoileanna ar mian leo a bheith páirteach scairt a chur ar Fhoireann Bhriseadh ar Bhalcaisí ar **028 9447 9380** nó dul chuig www.cashforclobber.com nó chuig www.eco-schoolsni.org.

## Topaic na Míosa: An Ghné Dhomhanda

Tá an tSaoránacht, ina comhthéacs cinnteoireachta, le fáil i ngach gné de phróiseas Éicea-Scoileanna. Fiafraíonn an topaic Gné Dhomhanda cén dóigh a n-imreodh gníomhartha an phobail agus a roghanna saoil tionchar ar dhaoine i gcodanna eile den chruinne, go háirithe ó thaobh an chomhshaoil de. Is féidir breathnú fosta ar ghnéithe den cheartas sóisialta trí Fairtrade agus imirce de bharr athrú aeráide. B'fhéidir gur mhaith le do chuid daltaí airgead a bhailiú fiú amháin le haghaidh carthanas domhanda agus iad ag tabhairt faoin topaic seo.

Tugann an topaic seo deis iontach chun nascadh le scoileanna eile i gcuid eile den domhan a chaithfeadh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhshaoil ata éagsúil go maith lena mbíonn againne anseo i dTuaisceart Éireann. Is clár idirnáisiúnta é Éicea-Scoileanna agus tá Éicea-Scoileanna ar fud na cruinne mar sin de labhair linn más maith leat cuidiú le dul i dteagmháil le hÉicea-Scoil i dtír éigin eile.

Is iad Trócaire ár n-urraitheoirí ar thopaic na Gné Domhanda agus tá rogha leathan acmhainní teagaisc den scoth acu agus bíonn siad sásta dul ar cuairt chuig scoileanna. Seo roinnt foinsí iontacha inspioráide.

- Suíomh gréasáin Thrócaire agus seol r-phost chuig Rosie Murray faoi chuairteanna scoile
- Ofrálann an Clár um Fhoghlaim Dhomhanda ceardlanna oiliúint múinteoirí agus stór mór acmhainní
- Ofrálann Habitat for Humanity ceardlanna agus acmhainní do scoileanna chomh maith le scéimeanna óige
- An acmhainn Éicea-Inspioráid de chuid Éicea-Scoileanna le haghaidh na Topaice seo (PDF 10MB)
- Cuid acmhainní EC3 Tony Juniper comhshaolaí ceannródaíoch sa Bhreatain
- Na Spriocanna Domhanda—acmhainní teagaisc ar Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe na NA
- Mapa agus liosta de thíortha eile atá bainteach le hÉicea-Scoileanna
- Cuid Acmhainní Scoileanna Ar Líne Chomhairle na Breataine.

## Nuacht Scoile: Fairview Primary agus Ballycraigy Primary ag Forbairt Eolaíocht Éicea-Scoileanna



Tá beirt mhúinteoirí áitiúla, Neil McAllister agus Jocelyn Brown, ag réiteach acmhainn ar líne le spreagadh a thabhairt do mhúinteoirí Bunscoile chun an eolaíocht a theagasc trí dheich dtopaicí Éicea-Scoileanna. Is múinteoirí an bheirt acu in Éicea-Scoileanna Ambasadóra agus is freagra é seo ar iarratais ó chomhghleacaithe ar fud Thuaisceart Éireann le haghaidh smaointe agus treoracha chun Éicea-Scoil rathúil a reáchtáil.

Is é an smaoineamh atá taobh thiar den acmhainn go dtacóidh sí le topaicí agus le téamaí atá ann cheana féin i do scoil ach go gcuirfear fíorbhéim ar an eolaíocht, agus mar sin de go gcuirfear le próifíl na heolaíochta i do scoil.

is comhaltaí iad araon Neil agus Jocelyn den Primary Science Teaching Trust (PSTT) agus is faoina mbrat sin atá siad ag oibriú, i gcomhar le hÉicea-Scoileanna, chun an acmhainn seo a thógáil. Tá siad ag iarraidh roinnt cuidithe chun smaointe agus inspioráid a chur ar fáil. Thiocfadh dó gur ceachtanna é a dhéanann tú a nascann topaic Éicea-Scoileanna leis an rud atá tú a theagasc m.sh. feithicil ghrianchumhachtaithe a thógáil le haghaidh topaic fuinnimh nó go díreach gníomhaíochtaí a tharlaíonn i do scoil a chuidíonn le topaic Éicea-Scoileanna a bhaint amach m.sh. an dóigh a ndéanann tú do gharraí glasraí a bhainistiú.

Má tá ceachtanna, gníomhaíochtaí, imscrúduithe nó tionscadail agat a dhéanann tú i do scoil agus a oireann do cheann ar bith de na deich dtopaicí, gabh i dteagmháil le Neil - nmcallister634@c2kni.net nó le Jocelyn - jbrown545@c2kni.net. Ba bhreá leo cluinstin uait.

# Nuacht na gComhairlí:
## Cruinnithe Cnuasghrúpaí Éicea-Scoileanna

**Tá cuireadh ar scoileanna Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste chuig cruinniú cnuasghrúpa arb é a théama 'Ag Dul do Ghradaim' ar 8 Nollaig ag 3pm-5pm in oifig Éicea-Scoileanna, 2 Ascaill Paulett, Béal Feirste, BT5 4HD. déan teagmháil le Cathy Gorman chun clárú.**
**Buíochas mór le Comhairle Buirge Chósta an Aifir agus na nGlinntí as cruinniú cnuasghrúpa a óstáil ar 10 Samhain.**

## Oiliúint do Mheasúnóirí ar an Bhrat Glas ag Ionad Fionnachtana Loch nEachach.

**Cúis lúcháire d'Éicea-Scoileanna a bheith ag tairiscint oiliúint Measúnóirí ar 17 Eanáir in Ionad Fionnachtana Loch nEachach. Beidh an oiliúint ann ó 10am- 2.30pm. Chun páirt a ghlacadh beifear ag iarraidh ort dhá mheasúnú a dhéanamh sa bhliain agus seiceáil Rochtain TÉ/Access NI a dhéanamh. Déan teagmháil le Cathy Gorman le haghaidh tuilleadh sonraí.**

Buíochas mór leis na Comhairlí seo a leanas a thugann tacaíocht do Chlár Éicea-Scoileanna'

# Nuacht Éicea-Scoileanna Idirnáisiúnta:
## Tig Oibritheoirí Éicea-Scoileanna le chéile san Afraic Theas dá gcruinniú bliantúil

An mhí seo caite d'fhreastail Keep Northern Ireland Beautiful ar Chruinniú Oibritheoirí Náisiúnta (CON) Éicea-Scoileanna a óstáladh san Afraic Theas ag WESSA (Cumann Fiabheatha agus Comhshaoil na hAfraice Theas) a eagraíonn an clár san Afraic Theas. Le linn na hócáide a mhair trí lá tháinig 85 comhaltaí le chéile as corradh le 50 tír ar fud an domhain chun eolas agus dea-chleachtas a mhalartú i dtaobh oideachas comhshaoil ag leibhéal scoile.

Ba é fócas na comhdhála i mbliana 17 Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus an ról fíorthábhachtach a imríonn clár  Éicea-Scoileanna ar fud an domhain chun tacú leis na spriocanna sin trí oideachas don fhorbairt inbhuanaithe a sholáthar. Leigh tuilleadh..

Bhí sé de phribhléid againn cuairt a thabhairt ar Monde Primary School i ngar do Johannesburg le linn an CON. Tugann muintir Monde a n-aghaidh ar a lán dúshláin chomhshaoil agus shóisialta le misneach agus le mianach mór. B'iontach go deo linn an fuinneamh agus an díograis a léirigh na daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí ag an scoil. Bhí siad ag díriú ar chaomhnú uisce, athchúrsáil, maireachtáil fholláin agus tailte na scoile.

Tá Oibritheoirí Náisiúnta ag iarraidh níos mó naisc idirnáisiúnta a chruthú idir Éicea-Scoileanna go domhanda. Dá mba mhaith leat nascadh le hÉicea-Scoil thar sáile déan teagmháil le Ruth Van Ry.








## Spreagadh ó SAM Tuairisceoirí Óga don Timpeallacht

Is iad Olivia (14) agus a dearthár Carter (15.5) a bhunaigh OneLessStraw.org agus tá súil acu aird a dhíriú ar an cheist go n-úsáidtear  500 milliún sop plaisteach *gach lá* i SAM. D'éirigh go breá leo aird a tharraingt ar an cheist comhshaoil seo agus réitigh a mholadh di. Tharraing a bhfeachtas aird an chláir TÓT ag Keep Scotland Beautiful agus thiocfadh leis daoine a spreagadh anseo sa bhaile fosta.

Young Reporters for the environment

# Nuacht de chuid Keep Northern Ireland Beautiful:

Is é an carthanas comhshaoil Keep Northern Ireland Beautiful a reáchtálann Éicea-Scoileanna i dTuaisceart Éireann. Seo daoibh an nuacht is deireanaí ó réimsí eile dár n-eagraíocht:

## Glanadh Trá 2 Bhomaite i dTuaisceart Éireann

Tá cláir TráGhlan á gcur ar thránna Chomhairle an Iúir, Mhúrn agus an Dúin chun cur in aghaidh bruscair cois cladaigh. Leagtar na cláir **#2minutebeachclean** ar thrá, agus tá spás iontu le haghaidh piocairí agus málaí bruscair; mar sin nuair a bhíonn tú amuigh faoi do thrá áitiúil, féadfaidh tú piocaire bruscair agus mála a thógáil agus glanadh gasta a dhéanamh. Ní rud suarach é glanadh trá 2 bhomaite ach déanann sé difear nuair a bhogann tú fiú an píosa is lú bruscair. Ní guais é an píosa plaistigh sin don fhiadhúlra muirí agus ní bhrisfear síos é ina micreaphlaistigh a thiocfadh a shlogadh siar.



D'éirigh go hiontach leis an scéim in áiteanna eile in Éirinn agus sa RA léigh tuilleadh. Dá mba mhaith leat a bheith páirteach nó clár a cheannach do do cheantar, déan teagmháil le Nicola Fitzsimons.

**Ná dearmad tacaíocht a ghealladh don fheachtas Is Breá linn an Baile seo agus an nuacht is deireanaí a fháil faoi na rudaí atáthar a dhéanamh sa phobal.**



## Meáin shóisialta– scéal faoi d'imeacht a scaipeadh

Tá treoir áisiúil cruthaithe ag Keep Northern Ireland Beautiful ar na Meáin Shóisialta a úsáid chun imeacht nó tionscadal a thiocfadh leat a bheith á phleanáil a chur chun cinn. Tá naisc ann fosta chuig ár suíomhanna uilig sna meáin shóisialta. Más mian leat cabhair le himeacht a phoibliú níl de dhíth orainn ach gaoth an fhocail. Le haghaidh tuilleadh eolais íoslódáil an treoir.

# Nuacht eile:

## Cláraigh anois: Éanbhreathnú Mór Scoileanna an CRCÉ/RSPB!

**3 Eanáir – 17 Feabhra 2017**

Is féidir clárú anois d'Éanbhreathnú Mór na Scoileanna 2017; is gníomhaíocht shimplí é a chuidíonn leatsa agus le do rang a bheith níos cóngaraí do na héin i do cheantar. Ní bhíonn de dhíth ach leathuair agus oibríonn sé do gach aois agus gach cumas.




Is féidir tairbhe a bhaint as an Éanbhreathnú: mar chroílár staidéar traschuraclaim, gradaim Éicea-Scoileanna, nó chun tailte na scoile a fheabhsú. Cuirfidh tú sonraí ar fáil dúinne fosta faoi mar atá ag éirí leis na héin choitianta, agus beidh tú ag cur fáilte roimh an dúlra ag do scoil. Gach bliain, bíonn múinteoirí ó gach cearn den RA rannpháirteach lena gcuid ranganna. Tá go leor solúbthachta ann lena reáchtáil le haoisghrúpa ar bith páistí agus tá acmhainní againn chun cuidiú leat. Bí páirteach in Éanbhreathnú Mór na Scoileanna 2017 agus cuidigh linn é a dhéanamh ar an cheann is mó go dtí seo!

Nuair a chláraíonn tú d'Éanbhreathnú Mór na Scoileanna, seolfaimid chugat póstaer aitheanta éan in aisce de do sheomra ranga - ullmhúchán den scoth don lá mór. Chun clárú agus tuilleadh eolais a fháil, gabh chuig www.rspb.org.uk/schoolswatch.




## Saotharlann Nuálaíochta ar lorg dearthóirí ardéirime ó Bhliain 13 do chomórtas na mboscaí bruscair

Is cúis áthais d'ÉiceaScoileanna tacú le comórtas Saotharlann Nuálaíochta do dhaltaí Bhliain 13 atá ag déanamh staidéar ar Theicneolaíocht agus Dearadh, agus iad ar lorg smaointe agus dearaí úra do bhoscaí bruscair an tí.

Táimid cleachta leis an chruth ar an ghnátharaid rothaí ach an bhfuil dóigh níos fearr chun é a dhearadh? Má tá smaoineamh iontach agatsa do bhosca bruscair na todhchaí agus ba mhaith leat bheith ag obair in éineacht le foireann Saotharlann Nuálaíochta chun é a thabhairt chun fíoraithe déan teagmháil le Rebecca.Walsh@finance-ni.gov.uk chun tuilleadh eolais a fháil faoi bheith páirteach. Tá an comórtas ann ó Eanáir - Aibreán 2017.



## Imeachtaí Chaomhnú Féileacán le hOibrithe Deonacha TÉ

Tá roinnt imeachtaí eagraithe ag Caomhnú na bhFéileacán le comhpháirtithe eile seachadta ar fud TÉ sna míonna amach romhainn agus feabhsú gnáthóg d'fhéileacáin i mbaol mar théama acu. Is deis iontach í seo chun foghlaim faoi bhainistiú gnáthóige, aer úr agus aclaíocht a fháil agus spraoi a bheith agat. Chun tuilleadh eolais a fháil, amharc ar leathanach-imeachtaí.

# Brait Ghlasa na Míosa seo

Comhghairdeas leis na scoileanna uilig ar ghradam an Bhrait Ghlais a ghnóthú an mhí seo caite. Is iontach linn i dtólamh mar a léiríonn daltaí agus foirne scoile a gcuid eolais agus díograise i Scoileanna an Bhrait Ghlais agus caithfimid a n-éacht iontach a thréaslú leo.

Comhghairdeas an mhí seo ag dul do:

- Hazelwood Integrated Primary, Baile na Mainistreach
- Ballykelly Primary, Léim an Mhadaidh
- St Brigid's Primary, Baile Monaidh
- Birches Primary School, Creag Abhann
- Beechlawn Special School, Cromghlinn
- St Mary's Primary School, Port an Phéire
- Knocknagor Primary School, an Ómaigh
- Largymore Primary School, Lios na gCearrbhach
- Greenwood House Assessment Centre, Béal Feirste
- St Malachy's Primary School, Loch Cuan
- Templepatrick Primary School, Baile an Chláir
- Downshire Primary School, Cromghlinn
- St Mary's Primary School, an Corr Críochach
- Ulidia Integrated College, Carraig Fhearghais
- Eden Primary School, Carraig Fhearghais
- College Farm Nursery School, Ard Mhacha
- Killylea Primary School, Ard Mhacha



*Hazelwood Integrated Primary, Baile Nua na Mainistreach*




*Ballykelly Primary, Léim an Mhadaidh*




*Knocknagor Primary, an Ómaigh*

***Déan Teagmháil linn:***
eco-schools@keepnorthernirelandbeautiful.org
Éicea-Scoileanna Tuaisceart Éireann
Keep Northern Ireland Beautiful
Bridge House, 2 Paulett Avenue
Belfast, BT5 4HD
Tel: 028 9073 6920

DAERA
Department of Agriculture, Environment and Rural Affairs
www.daera-ni.gov.uk

**Faigheann clár Éicea-Scoileanna tacaíocht ó DAERA**

**Ná stad ansin! Gabh chuig suíomh gréasáin Éicea-Scoileanna TÉ le haghaidh tuilleadh scéalta, smaointe faoi thionscnaimh, treoir faoin chlár, cás-staidéir, eolas faoi pháirtnéirí, agus a lán eile.**